COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

**BEARRADH FÁIL AGUS OIBLEAGÁIDÍ AR ÚINÉIR TALÚN/ÁITITHEOIR**

**CRÍOCHNAÍONN SÉASÚR BEARRADH FÁIL AR AN 28 FEABHRA 2026**

An úinéir talún nó áititheoir talún thú? An bhfuil tú ar an eolas faoi do chuid oibleagáidí faoi Acht na mBóithre 1993?

An raibh a fhios agat go bhfuil séasúr bearradh fáil oscailte ó bhí an 1 Meán Fómhair 2025 ann? Fanfaidh sé seo ar oscailt go dtí an 28 Feabhra 2026.

Ar mhaithe le sábháilteacht agus cosaint gach duine a bhaineann úsáid as na bóithre poiblí inár gContae, ceanglaítear ar úinéirí talún agus ar áititheoirí talún:

- gach cúram réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú nach mbíonn agus nach bhféadfaidh sé go mbeidh struchtúir, crainn, fálta, toir ná fásra eile cois bóthair atá ag fás ar a dtalamh ina mbaol dóibh siúd a bhaineann úsáid as na bóithre poiblí nó a oibríonn orthu.
- a chinntiú go mbaintear gach smionagar de na bóithre tar éis fál a bhearradh.

Cuireann Acht na mBóithre, 1993 (Alt 70) oibleagáid reachtúil ar gach úinéir talún/áititheoir talún nó struchtúr chun a chinntiú nach mbíonn struchtúir, crainn, toir nó fásra eile cois bóthair ina mbaol dóibh siúd a bhaineann úsáid as bóithre poiblí agus a oibríonn orthu.

I gcás nach gcomhlíonann úinéir talún an oibleagáid reachtúil sin, féadfaidh an Chomhairle Fógra Bearradh Fáil a eisiúint faoi Alt 70 d'Acht na mBóithre, 1993.

I gcás nach gcomhlíonann úinéir/áititheoir talún leis an bhfógra sin, agus i gcás ina measann Comhairle Contae Cheatharlach go bhfuil struchtúr cois bóthair, tor crainn, fál nó fásra eile ina bhaol láithreach agus tromchúiseach do dhaoine atá ag úsáid bóthair phoiblí, féadfaidh sí gníomhú láithreach chun an baol a laghdú/a bhaint. I gcúinsí den sórt sin, féadfaidh Comhairle Contae Cheatharlach aon chostais réasúnta a thabhaigh sí a ghnóthú ón úinéir talún/áititheoir.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár cheart aon fhálta ina bhfuil glúineach bhiorach a ghearradh faoi aon chúinsí.

A úinéirí talún, bí ar an eolas faoi do chuid oibleagáidí agus coinnigh ár mbóithre sábháilte.

Ba mhaith le Comhairle Contae Cheatharlach buíochas a ghabháil leis na húinéirí talún go léir a chomhlíon a n-oibleagáidí gearrtha fáil go dtí seo.

**PÁDRAIG O'GORMAN,**
**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ.**